



C/2023/662

13.11.2023

Caingean arna tabhairt an 21 Lúnasa 2023 – Lucaccioni v an Coimisiún

(Cás T-516/23)

(C/2023/662)

Teanga an cháis: an Iodáilis

Páirtithe

Iarratasóir: Arnaldo Lucaccioni (Londain, an Ríocht Aontaithe) (ionadaí: A. Silvestri, Dlíodóir)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh an Údaráis Ceapacháin ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair, 2022, maidir le gearán R/553/22 arna chomhdú ag an iarratasóir a dhíbhe, a chur ar neamhní;
- a chinneadh scrúdú a mholadh ar an bhféidearthacht teacht ar réiteach cairdiúil ar an díospóid,
- a ordú don Choimisiún Eorpach na costais dlí a íoc

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí dhéag:

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear neamhrialtacht ar thaobh an Údaráis Ceapacháin maidir le comóradh an choiste leighis an 14 Feabhra 2020 gan an tríú dochtúir a ainmniú.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear neamhrialtacht ar thaobh an Údaráis Ceapacháin maidir le glacadh le neamhiarratas córasach, ag an dara agus ag an tríú dochtúir, ar Shainordú an Choiste Leighis: go háirithe, na chéad trí phointe den Sainordú, chomh maith leis an bhfreagra sonrath ar phointí 103, 105, 107, 108, 110 agus 111 de bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta an 25 Deireadh Fómhair 2017, i gCás T-551/16 *Lucaccioni v An Coimisiún*.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear neamhrialtacht ar thaobh an Údaráis Ceapacháin maidir le glacadh le neamhfheidhm Chairt na gCoistí Leighis ar mhiontuairiscí an dara agus an tríú cruinniú de chuid an Choiste Leighis.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear maidir leis an neamhrialtacht ar thaobh an Údaráis Ceapacháin maidir leis an iarratasóir a eisiáimh, *sua sponte* agus gan chúis bhailí, ó dhá chruinniú den Choiste Leighis, nuair a foráladh dá láithreach sa Sainordú.
5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear neamhrialtacht ar thaobh an Údaráis Ceapacháin trí ghlacadh leis nár conspóidíodh trí thuarascáil bhunúsacha leighis i dtuarascáil deiridh an choiste leighis, in ainneoin go raibh sé seo riachtanach de réir téarmaí an tSainordaithe.
6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear neamhrialtacht ó thaobh an Údaráis Ceapacháin maidir lena nglacadh go ndearna an dara agus an tríú dochtúir sa tuarascáil deiridh, gan aon speisialtóireacht shíciatrach, agus fiú i gcás ranníocaíocht sheachtrach, díospóid faoi thuarascáil leighis-síciatrach ó chliniceoir mór le rá, arna roghnú ag an tríú dochtúir, tar éis dianscrúdú pearsanta.
7. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear comhshamhlú an-tromchúiseach, a rinne an dara agus an tríú dochtúir, ar an tsíceolaíocht, cúitithe, ar fhorais bhailí suas go dtí 1994, don tsíciatracht ar fhorais i ndiaidh 1994, a ndearna an Chúirt Ghinearálta agóid in aghaidh cheana féin ina bhreithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2017 i gCás T-551/16 *Lucaccioni v An Coimisiún*.
8. An t-ochtú saincheist dlí lena n-éilítear nach dtagann vóta aonair a chaith an dara agus an tríú dochtúir ag cruinniú an choiste leighis an 14 Feabhra, 2020 faoi raon feidhme chleachtas na heolaíochta leighis.
9. An naoú saincheist dlí lena n-éilítear nár dhearbhaigh an t-iarratasóir an bonn cirt leis an lagú riospráide 70 % riamh, nár glacadh leis roimh 1994 agus a mheas an tríú dochtúir céanna a bheith cruinn, is léir gur tar éis an dáta sin agus ní tar éis na bliana 2000, dáta ráitis an iarratasóra, a tharla sé.

10. An deichiú saincheist dlí lena n-éilítear, bunaithe ar fhírinniú an ráta 50 % do dhúlagar mór, nár dhearbhaigh an t-iarratasóir riamh agus nár glacadh leis riamh roimh 1994, aitheanta ag an bpríomhchliniceoir, ach a chonspóid go sainráite ag an tríú dochtúir toisc gur tharla sé tar éis 1994 agus roimh 2000, dáta dearbhaithe an chéad ghéarú de réir bhrí Airteagal 14 de na Rialacha comhchoiteanna maidir le hárachas a sholáthar d'oifigigh na gComhphobal Eorpach i gcoinne tionóiscí agus galair cheirde, sa leagan a bhí aige roimh an 1 Eanáir, 2006.
11. An t-aonú saincheist dlí dhéag lena chonspóidtear an ráta 10 % do 'suaitheadh codlata feidhme mar gheall ar lagú decubitus cliathánach clé', arna deimhniú ag tuarascáil leigheas ospidéal agus a mheastar mar íoschéatadán i measc na 'suaite codlata' dá bhforáiltear ag an B.O.B.I. (Barème officiel belge des invalidité (Sceideal Oifigiúil Míchumais na Beilge)).
12. An dara saincheist dlí dhéag, a bhaineann leis an dara géarú a dearbhaíodh an 8 Márta 2021.
